Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7436/22**

**EF 88**
**ECOFIN 251**
**DELACT 48**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 1541 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 17.3.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach a leagtar síos in Airteagal 14(2) den Rialachán sin agus lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 1541 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 1541 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.3.2022
C(2022) 1541 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.3.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach a leagtar síos in Airteagal 14(2) den Rialachán sin agus lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2021/2259 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], cuireadh síneadh leis na socruithe idirthréimhseacha do chuideachtaí agus do dhaoine, a leagtar síos in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] i ndáil le cistí áirithe GCUI (gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe) agus neamh-GCUI ón 31 Nollaig 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, cuirfidh na cuideachtaí agus na daoine sin an Rialachán sin i bhfeidhm i leith na gcistí sin ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.

Cuirtear síneadh sa Rialachán Tarmligthe seo leis na socruithe idirthréimhseacha faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268[3] ón gCoimisiún atá comhsheasmhach leis na socruithe idirthréimhseacha sínte in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014. Dá bhrí sin cuirtear ar chumas monaróirí táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) a thairgeann cistí infheistíochta mar an t-aon rogha bhunúsach infheistíochta, nó in éineacht le roghanna eile infheistíochta, leanúint de bheith ag úsáid, ar mhaithe le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach PRIIPanna a tharraingt suas, doiciméid faisnéise bunriachtanaí d'infheisteoirí a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagail 78 go 81 de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] i leith na gcistí sin go dtí an 31 Nollaig 2022. Leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo freisin an 1 Eanáir 2023 mar dháta nua cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Níl measúnú tionchair ar leith ag gabháil leis an Rialachán Tarmligthe seo, ós rud é gur táirgeadh measúnú tionchair cheana le haghaidh na gcaighdeán teicniúil rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún[5]. Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ní

[1] Rialachán (AE) 2021/2259 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) nó neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh (IO L 455, 20.12.2021, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas- bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht agus leis an gcur i láthair is bonn taca le cásanna feidhmíochta, cur i láthair costas agus an mhodheolaíocht chun táscairí achoimre costais a ríomh, cur i láthair agus inneachar na faisnéise maidir le feidhmíocht roimhe seo agus cur i láthair na gcostas de réir táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) ina dtairgtear raon roghanna infheistíochta agus ailíniú an tsocraithe eatramhaigh le haghaidh monaróirí PRIIPanna a thairgeann aonaid cistí dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar roghanna bunúsacha infheistíochta leis an socrú eatramhach buan a leagtar síos san Airteagal sin (IO L 455I, 20.12.2021, p. 1).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis na doiciméid sin a sholáthar (IO L 100, 12.4.2017, lch. 1).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis

athraítear substaint an Rialacháin Tharmligthe sin ná ní chruthaítear oibleagáidí nua do mhonaróirí PRIIPanna ná do dhaoine a dhíolann PRIIPanna ná do dhaoine a thugann comhairle ina leith, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014. Leis sin is éard a dhéantar go simplí spriocdháta an iarratais a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 a ailíniú le deireadh na díolúine idirthréimhsí a leagtar síos in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 leasaítear Airteagal 18, an tríú mír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653. Dá thoradh sin, beidh feidhm ag an socrú idirthréimhseach do mhonaróirí PRIIPanna a thairgeann cistí infheistíochta mar an t-aon rogha bhunúsach infheistíochta, nó in éineacht le roghanna eile infheistíochta, go dtí an 31 Nollaig 2022.

Le hAirteagal 2 leasaítear Airteagal 2, an dara mír, de Rialachán Tarmligthe 2021/2268. Dá thoradh sin, beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 ón 1 Eanáir 2023.

---

bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis na doiciméid sin a sholáthar (IO L 100, 12.4.2017, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.3.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach a leagtar síos in Airteagal 14(2) den Rialachán sin agus lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna)[6], agus go háirithe Airteagal 8(5) agus Airteagal 10(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha maidir le formáid agus inneachar an doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach atá le tarraingt suas ag monaróirí PRIIP suas mar aon le rialacha aonfhoirmeacha maidir leis an doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach a sholáthar d’infheisteoirí miondíola d’fhonn a chur ar chumas infheisteoirí miondíola príomhghnéithe agus príomhrioscaí PRIIP a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile. De bhun Airteagal 32(1) den Rialachán sin, áfach, cuideachtaí bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], cuideachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 27 den Treoir sin agus daoine a dhíolann aonaid de GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh, dá dtagraítear in Airteagal 1(2) di, bhí díolúine acu ó na hoibleagáidí faoin Rialachán sin go dtí an 31 Nollaig 2021. Nuair a chuireann Ballstát rialacha i bhfeidhm maidir le formáid agus inneachar an doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach, arna leagan síos in Airteagail 78 go 81 de Threoir 2009/65/CE, ar chistí neamh-GCUI a thairgtear d’infheisteoirí miondíola, beidh feidhm ag an socrú idirthréimhseach arna leagan síos in Airteagal 32(1) den Rialachán sin maidir le cuideachtaí bainistíochta, cuideachtaí infheistíochta agus daoine a dhíolann aonaid de chistí den chineál sin le hinfheisteoirí miondíola nó a thugann comhairle ina dtaobh. Le Rialachán (AE) 2021/2259 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 chun an socrú idirthréimhseach sin a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2022.

---

6 IO L 352, 9.12.2014, lch. 1.

7 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

8 Rialachán (AE) 2021/2259 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653[9] ón gCoimisiún, a glacadh ar bhonn Airteagal 8(5), Airteagal 10(2) agus Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, leagtar síos rialacha maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis na doiciméid sin a sholáthar. Le hAirteagal 14(2) den Rialachán Tarmligthe sin, ceadaíodh do mhonaróirí PRIIP an doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach d'infheisteoirí arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 78 go 81 de Threoir 2009/65/CE a úsáid chun faisnéis shonrach a sholáthar chun críocha Airteagail 11 go 13 den Rialachán Tarmligthe sin, seachas an doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653, go dtí an 31 Nollaig 2019, ar choinníoll gur ciste GCUI nó ciste neamh-GCUI dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 é ceann amháin ar a laghad de na roghanna bunúsacha infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1866[10] ón gCoimisiún, cuireadh síneadh leis an socrú idirthréimhseach sin go dtí an 31 Nollaig 2021, agus le Rialachán Tarmligthe 2021/2268[11] ón gCoimisiún, leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 chun síneadh breise a chur leis an socrú idirthréimhseach sin go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(3) Ós rud é go bhfuil síneadh curtha anois le Rialachán (AE) 2021/2259 leis an socrú idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 go dtí an 31 Nollaig 2022, is gá an síneadh sin a léiriú freisin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653, agus síneadh breise a chur leis an socrú idirthréimhseach ón 30 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 a leasú dá réir sin.

(4) Is gá a áirithiú nach mbeidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 ach amháin ón lá tar éis dheireadh an tsocraithe idirthréimhsigh a leagtar síos in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 1286/2014. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta a leagtar síos sa dara

---

dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) nó neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh (IO L 455, 20.12.2021, lch. 1).

9 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach i gcomhair táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis na doiciméid sin a sholáthar (IO L 100, 12.4.2017, lch. 1).

10 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 chun an socrú idirthréimhseach do mhonaróirí PRIIP a thairgeann aonaid de chistí dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar roghanna bunúsacha infheistíochta a ailíniú leis an tréimhse díolúine fhadaithe faoin Airteagal sin (IO L 289, 8.11.2019, lch. 4).

11 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 ón gCoimisiún an Dé Luain 6 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht agus leis an gcur i láthair is bonn taca le cásanna feidhmíochta, cur i láthair costas agus an mhodheolaíocht chun táscairí achoimre costais a ríomh, cur i láthair agus inneachar na faisnéise maidir le feidhmíocht roimhe seo agus cur i láthair na gcostas de réir táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) ina dtairgtear raon roghanna infheistíochta agus ailíniú an tsocraithe idirthréimhsigh le haghaidh monaróirí PRIIPanna a thairgeann aonaid cistí dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar roghanna bunúsacha infheistíochta leis an socrú idirthréimhseach fadaithe a leagtar síos san Airteagal sin (IO L 455I, 20.12.2021, lch. 1).

mír d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 a ionadú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2268 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653**

In Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Beidh feidhm ag Airteagal 14(2) go dtí an 31 Nollaig 2022.'.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe 2021/2268**

In Airteagal 2, an dara mír, de Rialachán Tarmligthe 2021/2268, cuirtear '1 Eanáir 2023' in ionad '1 Iúil 2022'.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.3.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*